Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Aibreán 2024
(OR. en)

8341/24
PV CONS 16
ENV 374
CLIMA 141

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

25 Márta 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7839/24.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

(a) **Liosta neamhreachtach** 7979/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

(b) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 7980/24

**An Comhshaol**

**Rialachán maidir le loingsithe dramhaíola** ❶C 7571/24 + ADD 1
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* PE-CONS 84/23
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 20.3.2024 ENVI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Teachtaireacht maidir le Sprioc Aeráide 2040 na hEorpa** 7427/24 + COR 1
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**4. Treoir lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl** ❶C 7725/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**5. Rialachán maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú** ❶C 7753/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a réitigh an uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

**6. (a) Teachtaireacht maidir le bainistiú rioscaí aeráide** 7732/24
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún.

**(b) Staid na himeartha maidir le dul chun cinn na mBallstát i dtreo spriocanna aeráide an Aontais do 2030** 7779/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(c) 'Dearbhú — Idirphlé polaitiúil bliantúil — Karlovy Vary' agus an gá atá leis an aistriú cóir a neartú i réigiúin atá thíos leis an dícharbónú** 7833/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Seice agus na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia agus an tSlóvaic ar fáil.

**(d) Rialú níos déine ar onnmhairí dramhaíola teicstíle chuig tíortha i mbéal forbartha** [2] 7881/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Danmhairge, na Fraince agus na Sualainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg, an Fhrainc agus an tSualainn ar fáil.

(e) Iarraidh ar ghníomhaíocht chun stop a chur le hallmhairí dramhaíola ón Rúis isteach san Aontas 8030/2/24 REV 2
*Faisnéis ó thoscaireacht na Liotuáine, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na hEastóine, na Laitvia agus na Seicia*

**(f) Tuarascáil maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar an 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol** [2] 7702/24
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún.

**(g) Athmheasúnú a dhéanamh ar stádas caomhnaithe na mbéar donn san Eoraip** [2] 7717/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí Rómáine, na Slóvaice agus na Fionlainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Rómáin, an tSlóvaic agus an Fhionlainn ar fáil.

**(h) Cuntas a thabhairt ar imeachtaí ardleibhéil arna n-eagrú ag an Uachtaránacht** [2] 8012/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(i) Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) ❶C

**i) Rialachán lena mbunaítear creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha** 7699/24

**(ii) Rialachán maidir le hathbhunú an dúlra**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(j) Tuarascálacha ar na príomhchruinnithe idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí** [2]

**i) An 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (COP 14) (Samarkand, an Úisbéiceastáin, an 12-17 Feabhra 2024)** 7780/1/24 REV 1

**ii) An 6ú seisiún de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA-6) (Nairobi, an Chéinia, an 26 Feabhra-1 Márta 2024)** 7934/24

*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

**(k) Comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a dhaingniú – glao nuashonraithe ar ghníomhaíocht phráinneach** [2] 7879/24

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(i) (ar lean) Togra reachtach reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) [1][C]

**(iii) Togra le haghaidh Rialachán ón bParlaimint agus ón gComhairle maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas An tábhacht a bhaineann le líonraí feirmeoirí beaga agus feirmeoirí i rialachán maidir le hinbhuanaitheacht síolta san Aontas** 7784/24

*Faisnéis ó thoscaireacht na hOstaire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair ar fáil.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITIS A GHABHANN LEIS AN MÍR REACHTACH 'A' A LEAGTAR AMACH IN 7980/24**

**Rialachán maidir le loingsithe dramhaíola**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS Ó ÉIRINN**

'Tacaíonn Éire le glacadh an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Loingsithe Dramhaíola toisc go soláthraítear leis sásra chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don Gheilleagar Ciorclach trí dhíriú níos mó ar dhramhaíl a úsáid mar acmhainn laistigh den Aontas agus, ag an am céanna, nósanna imeachta mionsonraithe a chur ar fáil chun rialú loingsithe dramhaíola lasmuigh den Aontas a fheabhsú d'fhonn a áirithiú go ndéanfar gach dramhaíl a onnmhairítear ón Aontas a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN mBULGÁIR, Ó ÉIRINN AGUS ÓN ÍSILTÍR**

'Go ginearálta, tá an Bhulgáir, Éire agus an Ísiltír i bhfabhar athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola. Aithnímid go hiomlán a thábhachtaí atá sé loingsiú agus bainistiú dramhaíola a rialáil de réir na gcaighdeán is airde cosanta comhshaoil. Thairis sin, aithnímid nach réiteach inbhuanaithe ar dhúshláin dramhaíola an Aontais é onnmhairiú chuig tríú tíortha.

Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach go n-urramófar go hiomlán Airteagal XI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) agus go mbeidh údar le maoluithe ar an bhforáil sin i bhfianaise na n-eisceachtaí dá bhforáiltear in GATT. Dá réir sin, leagann an Bhulgáir, Éire agus an Ísiltír béim ar a thábhachtaí atá sé srian a chur ar shrianta ar onnmhairiú a thabhairt isteach. Cé go bhféadfadh údar a bheith leis na bearta sin agus go mbeidís riachtanach chun freastal ar chuspóirí beartais dlisteanacha, ba cheart iad a bheith comhréireach, spriocdhírithe, trédhearcach, sainithe go sealadach, agus comhsheasmhach le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) sa dóigh nach gcruthóidh siad bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil, suaitheadh ar shlabhraí soláthair domhanda nó iarmhairtí diúltacha nach raibh coinne leo.

Dá bhrí sin, iarraimid ar an gCoimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar éifeachtaí an Rialacháin agus measúnú a dhéanamh ar a chomhsheasmhacht le hoibleagáidí dlíthiúla an Aontais faoi chomhaontuithe ábhartha EDT.'